

Aistear á Nuashonrú

Teimpléad aighneachtaí scríofa le haghaidh eagraíochtaí, grúpaí agus daoine aonair

Tá an teimpléad seo ann le cabhrú leat (agus le do chomhghleacaithe) aighneacht scríofa a fhorbairt i ndáil le *Aistear* á Nuashonrú. Seol d'aighneacht chomhlánaithe le ríomhphost chuig aistearsubmissions@ncca.ie

Sonraí aighneachta ó dhuine aonair

Ainm	
Dáta	
Ríomhphost	

Sonraí aighneachta ó eagraíocht

Ainm	Seosamh Ó Coinne
Post	
Eagraíocht	Foras na Gaeilge
Dáta	
Ríomhphost	

An dtoilíonn tú leis an aighneacht seo a chur ar líne, lena n-áirítear d'ainm agus d'eagraíocht*?

Toilíonn

Ní thoilíonn

Seol d'aighneacht le ríomhphost chuig aistearsubmissions@ncca.ie

Tabhair roinnt eolas cúlra faoi d'eagraíocht (más cuí).

Stair Fhoras na Gaeilge:

Bunaíodh Foras na Gaeilge i Mí na Nollag 1999, mar an comhlacht atá freagrach as an Ghaeilge a chur chun cinn ar fud oileán na hÉireann. I measc na bhfreagrachtaí atá ar Fhoras na Gaeilge, tá tacú le hoideachas trí mheán na Gaeilge agus le múineadh na Gaeilge.

Tá ról ag Foras na Gaeilge i dtaca le comhairle a chur ar lucht Rialtais, Thuaidh agus Theas, agus ar chomhlachtaí poiblí agus ghrúpaí eile sna hearnálacha príobháideacha agus deonacha i ngach gnó a bhaineann leis an Ghaeilge.

Feidhmeanna Fhoras na Gaeilge:

De réir Chuid 5 den reachtaíocht faoinar bunaíodh Foras na Gaeilge, an tAcht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999, tá na feidhmeanna seo a leanas ag Foras na Gaeilge:

- an Ghaeilge a chur chun cinn;
- úsáid na Gaeilge a éascú agus a spreagadh sa chaint agus sa scríbhneoireacht sa saol poiblí agus sa saol príobháideach sa Deisceart agus, i gcomhthéacs Chuid III den Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, i dTuaisceart Éireann mar a mbeidh éileamh cuí ann;
- comhairle a thabhairt don dá lucht riaracháin, do chomhlachtaí poiblí agus do ghrúpaí eile san earnáil phríobháideach agus dheonach;
- tionscadail tacaíochta a ghabháil de láimh, agus cúnamh deontais a thabhairt do chomhlachtaí agus do ghrúpaí de réir mar a mheasfar is gá;
- taighde, feachtais tionscnaimh, agus caidreamh poiblí agus caidreamh leis na meáin, a ghabháil de láimh;
- téarmaíocht agus foclóirí a fhorbairt;
- tacú le hoideachas trí mheán na Gaeilge agus le múineadh na Gaeilge.

Tá dhá chuid eile sa teimpléad. I gCuid 1 iarrtar do thuairimí agus breithnithe foriomlána maidir le *Aistear*. Creatchuraclam na Luath-Óige. Tá struchtúr Chuid 2 bunaithe ar na Prionsabail, na Téamaí agus na Treoirínte don Dea-chleachtas. Tugtar achoimre ar gach cuid mar thacaíocht le hoibriú ar an aighneacht.

Cuid 1

Tabhair breac-chuntas ar do thuairimí agus breithnithe foriomlána maidir le Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige.

Creatchuraclam an-chuimsitheach agus an so-lúbtha atá in Aistear, Creatchuraclam na Luath-Óige a bhaineann leis an aois raon breith go dtí sé bliana, sa naíolann, sa réamhscoil agus sna blianta tosaigh sa bhunscoil. Ainneoin gur foilsíodh é don chéad uair in 2009, tá na bunphrionsobail agus cleachtais fós bailí sa lá atá inniu ann, go háirithe maidir leis an bhéim ar fhorbairt iomlán an pháiste agus ar an ról tábhachtach atá ag tuismitheoirí/caomhnóirí, gaolta agus ag cleachtóirí/múinteoirí i saol an linbh.

Anuas air sin, tá an-bhaint ag an sochaí ar na féidireachtaí a chuirtear ar fáil do gach leanbh, idir chuinsí soch-eacnamaíochta, teaghlaigh agus polasaithe an stáit. Baineann polasaithe i leith an oideachais ag gach leibhéal leis na deiseanna a chuirtear ar fáil agus cuireann Foras na Gaeilge an-thábhacht le polasaithe an stáit i leith na Gaeilge agus go háirithe i leith polasaithe an stáit maidir le sealbhú agus forbairt na Gaeilge sa chóras oideachais.

Cúis áthais don Fhoras is ea an bhéim a leagtar in Aistear ar shealbhú teanga dúchais an pháiste ach go háirithe i gcás na Gaeilge. Leagadh an-bhéim ar an sealbhú teanga dúchais sa chéad leagan d'Aistear (2009) agus tugadh aird áirithe air sna samplaí den dea-chleachtas, go háirithe faoi mar a bhain siad le naíonraí. Bíonn an-thábhacht le sealbhú na Gaeilge mar dhara teanga ag páistí i naíonraí, beag beann ar pé cúlra teanga atá acu féin agus molaimid an comhthhéacs sin thabhairt san áireamh níos mó sa chéad leagan eile.

Tá athruithe móra tar éis tárú sa reimse luath-óige ó chéad cheapadh Aistear agus b'fhiú suimiu gearr a thabhairt ar na hathruithe sin agus ar na córais/struchtúir nua atá i bhfeidhm sa lá atá inniu ann, ról agus rialacháin TUSLA, Better Start, ról an Roinn Oideachais agus An Roinn Leanaí Comhionannais, Míchumais Rannpháirtíochta agus Óige mar shampla. Is fiú cuimhneamh go bhfuil méadú ar líon an gcéimithe atá ag obair sa earnáil anois, 26.6% i 2019-2020 (Pobal 2021).

Cuid 2

Prionsabail Aistear

Tá Aistear bunaithe ar 12 Phrionsabal na luathfhoghlama agus na forbartha. Cuirtear gach prionsabal in iúl le ráiteas gairid. Ansin, tá míniú ar an bPrionsabal ó dhearcadh an pháiste. Sonraítear ról an duine fhásta ag tacú le luathfhoghlaim agus luathfhorbairt an pháiste sa mhíniú sin. Is féidir teacht ar na Prionsabail [anseo](#).

Tabhair d'aiseolas foriomlán i ndáil le Prionsabail Aistear a Nuashonrú. Tabhair le fios céard atá ag obair go maith leis na prionsabail agus céard is gá a bhreisiú nó a thabhairt chun dáta.

Tá prionsabail Aistear leathan agus uileghabhálach. Tá siad inghlactha ar bhonn ginearálta go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta ach tá deis anois ann iad a phréamhú níos láidre sa chultúr Éireannach mar sin féin. Aithnítear go bhfuil cúlra, teanga agus cultúir éagsula sa tír anois ón uair a chéad ceapadh Aistear in 2009 agus bheadh sé oiriúnach níos mó béime a chur ar chultúr na leanaí, an cultúr Éireannach sna luathbhlianta san áireamh do gach leanbh. Thioctadh sé seo go mór le prionsabail Aistear, go háirithe na prionsabail 'Leanaí agus a saol le linn na luath-óige', 'Comhionnas agus éagsúlacht' agus 'Leanaí ina saoránaigh'.

Aontaíonn Foras na Gaeilge an tábhacht a chuirtear leis an chaidreamh atá ag leanaí le daoine eile, ag tosú leis na tuismitheoirí/caomhnóirí, gaolta, cleachtóirí agus leanaí eile. Tá fóirtheacht ag baint leis an meas a léirítear ar phobal an pháiste agus an teaghlach, an teanga, an cultúr Gaelach chomh maith le cultúir domhanda eile.

Aithníonn Foras na Gaeilge gur trí shúgradh agus tríd an fhoghlaim ghníomhach a fhoghlamaíonn an páiste, cleachtas a bhí ar bun sna naíonraí ón tús. Tá an-luach ar eispéiris oiriúnacha a chur ar fáil do leanaí, go háirithe cinn a bhaineann leis an dúlra agus an timpeallacht sóisialta logánta, le go dtuigfidh páistí gur bhaill den phobal san iad – ach go háirithe nuair is pobal Ghaeilge nó Gaeltachta atá i gceist.

Tuigtear go ndéanann páistí cumarsáid ar iliomad bealaí éagsula agus tá sé rí-thábhachtach go dtuigeadh páistí go bhfuil an Ghaeilge chomh maith leis an Bhéarla in úsáid sa phobal (agus teangacha eile dár ndóigh) ach go bhfuil an dá theanga le feiscint sa seomra (leabhair, postaeir, lipéidí, fógraí etc), go bhfuil an dá theanga in úsáid ar bhealaí éagsula sa naíonraí agus i réamhscoileanna eile agus go bhfuil teangacha dúchais eile ag páistí sa ghrúpa freisin.

Cabhróidh na heispéiris teanga agus cultúir seo le leanaí a bhféiniúlacht pearsanta a fhorbairt go bisiúil.

Seol d'aighneacht le ríomhphost chuig aistearsubmissions@ncca.ie

Cuid 3

Téamaí Aistear

Cuirtear foghlaim agus forbairt páistí i láthair in *Aistear*: Creatchuraclam na Luath-Óige faoi cheithre Théama. Is iad sin:

1. Folláine
2. Féiniúlacht agus Muintearas
3. Cumarsáid
4. Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht.

Déantar cur síos ar gach a bhfoghlaiméoidh an páiste sna téamaí, lena n-áirítear claontaí, meonta agus luachanna, scileanna, eolas agus tuiscint. Tosaíonn gach téama le léargas gairid ar an tábhacht a bhaineann leis do pháistí mar fhoghlaiméoirí óga. Ansin, cuirtear an téama i láthair le ceithre aidhm. Tá gach aidhm deighilte ina sé sprioc foghlama. Is féidir teacht ar Théamaí Aistear [anseo](#)

Tabhair d'aiseolas foriomlán i ndáil le téamaí Aistear. Tabhair le fios céard atá ag obair go maith leis na téamaí agus céard is gá a bhreisiú nó a thabhairt chun dáta.

Tá coincheap na dtéamaí in Aistear an-oiriúnach agus tá taithí ag naíonraí agus ag réamhscoileanna eile ar mhacnamh ar na téamaí sin agus iad ag pleanáil a gcuid oibre. Moltar mar sin na téarmaí a choinneáil faoi mar atá ach na samplaí a thabhairt suas chun dáta. Oireann an forluí idir an haoiseanna chomh maith, mar shampla, leanaí óga: breith go 18 mí; mamailínigh: 12 mhí go 3 bliana mar aithnítear nach bhfoghlamaíonn gach páiste ag an ráta céanna. Tuigtear dúinn fosta go bhfuil bunscoileanna ag cur níos mó spéise i gcoincheapa Aistear agus moltar rannóg faoi leith do bhunscoileanna a bheith san áireamh sna samplaí den dea-chleachtais, chomh maith leis na haoiseanna eile.

Aidhmeanna agus spriocanna: B'fhiú samplaí comhaimseartha de chur i bhfeidhm na haidhmeanna agus na spriocanna a chur isteach sa leagan nua. Oirfeadh foclaíocht eile do chleachtóirí luath-óige.

Folláine agus Leas: tuigtear anois an ollthábhacht a bhaineann le sláinte agus folláine. Tá gníomhaireachtaí eile tagtha chun cinn ó chéadcheapadh Aistear is ba chóir tagairt ar a laghad a dhéanamh do rialacháin Tusla maidir le sláinte/sláinteachas.

Féiniúlacht agus Muintearas: baineann an téama seo go dlúth le coincheap an pháiste de/di féin agus an caidreamh atá acu le daoine eile, idir dhaoine fásta agus páistí eile. Ba chóir

meas a chothú agus a fhorbairt ar gach duine agus a chúlra. B'fhiú freisin níos mó béime a chur ar cheol mar shampla, ceol Gaelach, ceol Éireannach, ceol domhanda chun tuiscintí na bpáistí ar fhoclóir, rithim agus struchtúir an cheoil a thuiscint.

Cumarsáid: Tugtar samplaí breátha de bhealaí éagsula cumarsáide sa Lámhleabhair ach baineann a bhfomhór le páistí ag sealbhú a dteanga dúchais. D'oirfeadh sé freisin tagairt a dhéanamh d'fhoglaimeoirí éagsúla, mar shampla, páistí ag sealbhú na Gaeilge mar dhara teanga, páistí ag foghlaim Béarla mar theanga bhreise (EAL) agus páistí le riachtanais bhreise. Maidir le sealbhú na Gaeilge mar dhara teanga, d'fhéadfaí moltaí a dhéanamh faoi cúpla focal as Gaeilge a fhí isteach in gnáthimeachtaí an lae i réamhscoileanna Béarla, mar shampla beannachtaí (Dia duit, slán), moladh (Maith thú, tá sé sin go hálainn, go raibh maith agat) nó dathanna a ainmniú sna teangacha go léir atá sa ghrúpa. Beidh ábhar eile oiriúnach ag teacht chun cinn ó thionscnamh Foghlaim Comhtháite Ábhar agus Teanga (CLIL) ag an Roinn Oideachais.

Taisceolaíocht agus smaointeoireacht: Tá aidhmeanna agus samplaí den chur i bhfeidhm an-mhaith luaite sa Lámhleabhar cheana féin. B'fhiú chomh maith tuilleadh plé a dhéanamh ar eolaíocht, ar theicneolaíocht, ar eolaíocht agus ar uimhríocht (STEM) agus ar na bunchéimeanna sna réimsí sin ar féidir a ghlacadh trí shúgradh agus thrí fhoghlaim ghníomhach sna luathbhlianta.

Cuid 4

Treoirínite don Dea-Chleachtas

Tá ceithre shraith treoirínite in *Aistear*, a dhíríonn ar ghnéithe éagsúla den chleachtas:

1. Comhpháirtíochtaí a chruthú agus a chothú idir tuismitheoirí agus cleachtóirí
2. Foghlaim agus forbairt trí mheán na hidirghníomhaíochta
3. Foghlaim agus forbairt trí mheán an tsúgartha
4. Tacú le foghlaim agus forbairt trí mheán an mheasúnaithe

Déantar cur síos iontu ar an gcaoi ar féidir leis an duine fásta tacú le foghlaim agus forbairt an pháiste ar fud phrionsabail agus théamaí *Aistear*. Is féidir teacht ar Threoirínite don Dea-Chleachtas *Aistear* [anseo](#)

Tabhair d'aiseolas foriomlán i ndáil le Treoirínite Dea-Chleachtais Aistear a nuashonrú. Tabhair le fios céard atá ag obair go maith leis na treoirínite agus céard is gá a bhreisiú nó a thabhairt chun dáta.

Comhpháirtíocht le tuismitheoirí: Aontaíonn Foras na Gaeilge go bhfuil an-tábhacht ag baint le comhpháirtíocht le tuismitheoirí agus go bhfuil an caidreamh idir iad agus an cleachtóirí maidr leis na páistí mar bhunchloch leis an chomhpháirtíocht sin. B'fhiú moltaí a fháil ó na tuismitheoirí faoin saghas caidrimh atá ag teastáil uathu leis an naíonra/réamhscoil.

Tá comhroinnt eolais cuí faoi saol an pháiste sa naíonra/réamhscoil agus sa bhaile tábhachtach taobh istigh de rialacháin RGCS (GDPR) agus consaint leanaí. I gcomhthéacs na naíonraí, bheadh deis ann moltaí a dheánamh do na tuismitheoirí ar cén dóigh gur féidir leanúint ar aghaidh leis an fhoghlaim sa bhaile, mar shampla bileoga a cur abaille le nathanna cainte agus foclóir a bhaineann leis na gníomaíochtaí sa naíonra. Bheadh deiseanna ann fosta moltaí a fháil ó na tuismitheoirí faoi na téamaí ar mhaith leo a bheith á bplé sa naíonra/réamhscoil agus faoin dteanga ar mhaith leo a úsáid leis an bhfoireann.

Foghlaim agus forbairt trí mheán na h-idirghníomhaíochta: aontaíonn Foras na Gaeilge gur gné an-tábhacht den chaidreamh idir leanaí agus idir daoine fásta agus leanaí atá sna h-idirghníomhaíochtaí a bhíonn eatarthu. Mar a deirtear in *Aistear*, tarlaíonn cuid de na h-idirghníomhaíochtaí sin go huathoibríoch agus tarlaíonn cuid eile trí phleanáil. Sa tumoideachas, mar a bhíonn sna naíonraí, bíonn gá le planáil teanga agus curaclam. Bíonn ról faoi leith ag an chleachtóir naíonra chun ionchur sa Ghaeilge a chur ar fáil do na páistí agus bíonn uirthi straitéisí idirghníomhaíochta faoi leith a úsáid maidir le cumasú, tacú,

eagrú agus stiúru chuige sin. Thar aon ní eile, bíonn uirthi a chinntiú gur éispéiris dhearfacha atá a gcur ar fáil aici do na páistí. Molaimid cuid den phlé sin a bheith curtha san áireamh sa Lámhleabhar.

Foghlaim agus forbairt trí mheán an tsúgartha: aontaíonn Foras na Gaeilge leis na tuiscintí atá léirithe sa Lámhleabhar faoi chineálacha éagsúla súgartha agus cuirtear béim faoi leith ar shúgradh le teanga, ag déanamh rímeanna, ag cumadh focail nua agus ag baint taitnimh as fuaimeanna teangacha éagsúla. Sa naíonra, bíonn gá le cumasú éagsúil maidir le samhlaíocht na bpáistí, chun éascú a dhéanamh ar a gcuid smaointe ach ag cur ionchur sa Ghaeilge ar fáil ag an am gcéanna.

Tacú le foghlaim agus forbairt trí mheán an mheasúnaithe: Cuidíonn measúnu den uile shaghas le cleachtóirí breithiúnas a dhéanamh ar cad atá á fhoghlaim ag páistí agus cén bealach is fearr chun cabhrú leo chun tuilleadh foghlama a dhéanamh. Aontaímid gur chóir go mbeadh páistí agus tuismitheoirí páirteach sa mheasúnú seo, de réir mar a oireann. Cabhraíonn tuiscint ar fhorbairt leanaí, mar shampla ar fhorbairt teanga leis an duine fásta chun an measúnú seo a dhéanamh. Aontaímid leis an méid a deirtear sa Lámhleabhar nár chóir mórán úsáide a bhaint as tástáil ar chumas na bpáistí, agus gur daoine oilte sna modhanna tástála a bheadh á dhéanamh. Beidh an cleachtóir in ann tuiscint an pháiste ar an teanga chomh maith leis na céimeanna tosaigh i labhairt na teanga a bhreithniú. Ba chóir raon iomlán foghlama an pháiste a thabhairt san áireamh, idir mheonta, scileanna, tuiscintí, eolas agus luachanna. Tá taithe ag cleachtóirí ar an chur chuige scéalaíochta (narrative approach) faoin am seo agus cabhraíonn doiciméadú ar na rudaí gur féidir leis an páiste a dhéanamh leis na cleachtóirí agus na tuismitheoirí chun léargas a fháil ar dhul chun cinn an pháiste. Chabhróidh samplaí den mheastóireacht sa Lámhleabhar nua leis na cleachtóirí chun an próiseas seo a thuiscint.

Aontaímid leis an moladh sa Lámhleabhar nach ócáid aon uaire atá sa mheasúnú ach gur léiriú ar phróiseas foghlama atá ann. Molaimid mar sin níos mó béime fós a chur ar leanúnachas thar tréimhse ama sa mheasúnú agus gur gá cuimhneamh cé acu an bhfuil an páiste ag foghlaim tríd a chéad nó dara teanga.

Nótaí eile

Ba mhór an chabhair do chleachtóirí agus do dhaoine eile a bhíonn ag úsáid Aistear go rialta gur foilsíodh leagan cruaidh den lámhleabhar. Ba chóir leagan ar líne agus leagan cruaidh a fhoisliú den leagan nua as Gaeilge (agus as Béarla). Tá an-tábhacht ag baint le haistriúcháin cuí sna leabhair agus ábhair ar líne.

Tuigeann an CNCM an tábhacht a bhaineann le samplaí a oireann don chleachtas sna naíonraí agus molaimid tuilleadh samplaí ó naíonraí sa Ghaeltacht agus lasmuigh di a chur isteach sa leagan nua.

Tagairt

Pobal (2021) *Annual Early Years Sector Profile Report*. Ar fáil ag

<https://www.gov.ie/en/publication/66671-annual-early-years-sector-profile-report-201920/>

Cosaint Sonraí

Tá meas iomlán ag an CNCM ar do cheart chun príobháideachais. Caithfear le haon fhaisnéis phearsanta a sholáthraíonn tú do CNCM leis na caighdeáin is airde de shlándáil agus rúndacht, go beacht de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí. Má tá tuilleadh faisnéise uait maidir leis an gcosaint sonraí gabh chuig <https://www.ncca.ie/ga/ráiteas-príobháideachais> nó is féidir leat teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Cosanta Sonraí CNCM ag dpo@ncca.ie.